



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2017

# Matamaitic

Páipéar 2

Ardleibhéal

Dé Luain, 12 Meitheamh Maidin, 9:30 – 12:00

300 marc

Scrúduimhir
-------------

Stampa an Ionaid
------------------

Iomlán reatha
---------------

Don scrúdaitheoir	
Ceist	Marc
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
Iomlán	
Bónas	
Móriomlán	

Grád
------

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

Roinn A	Coincheapa agus Scileanna	150 marc	6 cheist
Roinn B	Comhthéacsanna agus Feidhmeanna	150 marc	3 cheist

Freagair **na naoi gceist** go léir.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura ndéanfaidh tú é sin. Tá spás d'obair bhrefise ag cún an leabhráin. Is féidir páipéar breise a iarraidh ar an bhfeitheoir freisin. Lipéadaigh aon obair bhrefise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Tabharfaidh an feitheoir cóip den leabhrán *Foirmí agus Táblaí* duit. Caithfidh tú é a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe. Níl cead agat do chóip féin a thabhairt isteach sa scrúdú.

Caillfidh tú marcanna mura dtaispeánann tú go soiléir an obair riachtanach go léir.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura dtugann tú na haonaid tomhais chuí sna freagraí, de réir mar a oireann.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura dtugann tú do fhreagraí san fhoirm is simplí, de réir mar a oireann.

Scríobh déanamh agus múnla d'áireamhá(i)n anseo:

Freagair **na sé cheist go léir** as an roinn seo.

**Ceist 1**

(25 marc)

Nuair a chuireann Conchúr glaoch ar theach Chiara is é an dóchúlacht go bhfreagróidh Ciara an fón ná  $\frac{1}{5}$ .

- (a) Cuireann Conchúr glaoch ar theach Chiara uair amháin gach lá ar feadh 7 lá leantacha. Faigh an dóchúlacht go bhfreagróidh sí an fón ar an 2ú, an 4ú, agus an 6ú lá ach nach bhfreagróidh sí ar na laethanta eile é.

- (b) Faigh an dóchúlacht go bhfreagróidh sí an fón den 4ú huair ar an 7ú lá.

- (c) Cuireann Conchúr glaoch ar a teach uair amháin gach lá ar feadh  $n$  lá. Scríobh, i dtéarmaí  $n$ , an dóchúlacht go bhfreagróidh Ciara an fón uair amháin ar a laghad.

- (d) Faigh an t-íosluach ar  $n$  a fhágann go bhfuil dóchúlacht níos mó ná 99% ann go bhfreagróidh Ciara an fón uair amháin ar a laghad.

## Ceist 2

(25 marc)

Tomhaiseann turgnamh meánídíú an bhreosla i sórt cairr ar leith ar luasanna éagsúla.

Tugtar na sonraí a bailíodh í Tábla 1 thíos.


Tábla 1

<b>Luas (km/uair)</b>	40	48	56	64	88	96	112
<b>Ídiú breosla (km/lítear)</b>	21	16	18	16	13	11	9


- (a)** Faigh comhéifeacht an chomhchoibhni sna sonraí i dTábla 1, ceart go dtí 3 ionad dheachúlacha.

Comhéifeacht an Chomhchoibhnis =

- (b)** Breac na pointí sa tábla ar an ngreille thíos **agus** tarraing an líne is fearr oiriúint (de réir radharc do shúl).



- (c) Faighean amach gurb é  $-0.15$  fána na líne is fearr oiriúint.  
Cad dó a seasann an luach seo i gcomhthéacs na sonraí?



- (d) Thiomáin Máire ó Chorcaigh go Baile Átha Cliath ar mheánlusas 96 km/h.  
Thiomáin Sinéad an turas céanna ar mheánlusas 112 km/h.  
Thaistil an bheirt acu 260 km agus d'íoc siad 132·9 cent an lítear ar an mbreosla.  
Bhain an bheirt acu úsáid as an sórt cairr a úsáideadh chun na sonraí i dTábla 1 a ghiniúint.

- (i) Faigh amach cé mhéad níos mó ama a thóg sé ar Mháire an turas a dhéanamh.  
Bíodh do fhreagra ceart go dtí an nóiméad isaire.

- (ii) Bunaithe ar na sonraí i dTábla 1 agus ar a méanluasanna, faigh amach cé mhéad níos mó a chaith Sinéad ar bhreosla le linn an turais seo.

roimhe	lch	reatha
--------	-----	--------

**Ceist 3**

(25 marc)


Is triantán é  $ABC$  agus is iad comhordanáidí  $A$  agus  $C$  ná  $(0, 6)$  agus  $(4, 2)$ , faoi seach.

Is é  $G\left(\frac{2}{3}, \frac{4}{3}\right)$  meánlár an triantáin  $ABC$ .


Gearann  $AG$  an líne  $BC$  ag an bpointe  $P$ .

$|AG| : |GP| = 2 : 1$ .


- (a) Faigh comhordanáidí  $P$ .



- (b) Faigh comhordanáidí  $B$ .




- (c) Cruthaigh gurb é  $C$  ingearlár an triantáin  $ABC$ .




**Ceist 4****(25 marc)**

Is trí phointe ar chiorcal iad  $A(0, 0)$ ,  $B(6.5, 0)$  agus  $C(10, 7)$ .

- (a)** Faigh cothromóid an chiorcail.




- (b)** Faigh  $|\angle BCA|$ . Bíodh do fhreagra ina céimeanna, ceart go dtí 2 ionad dheachúlacha.




roimhe	lch	reatha
--------	-----	--------

**Ceist 5****(25 marc)**Is dronuilleog  $ABCD$ . $F \in [AB]$ ,  $G \in [BC]$ ,  $[FD] \cap [AG] = \{E\}$ , agus  $FD \perp AG$ . $|AE| = 12 \text{ cm}$ ,  $|EG| = 27 \text{ cm}$ , agus  $|FE| = 5 \text{ cm}$ .


- (a)** Cruthaigh go bhfuil  $\Delta AFE$  agus  $\Delta DAE$  comhchosúil (comhuilleach).




- (b)** Faigh  $|AD|$ .



- (c)** Tá  $\Delta AFE$  agus  $\Delta AGB$  comhchosúil. Taispeán go bhfuil  $|AB| = 36 \text{ cm}$ .




- (d)** Faigh achar an cheathairshleasáin  $GCDE$ .



Ceist 6

- (a)** Glac leis an domhan mar sféar le ga 6371 km.  
Tá Seán ag seasamh ar Aillte an Mhothair ag an bpointe  $J$  atá 214 méadar os cionn leibhéal na farraige.  
Tá sé ag féachaint amach ar an bhfarraige ar phointe  $H$  ar an léaslíne.  
Glac le  $A$  mar lárphointe an domhain agus faigh  $|JH|$ , an fad ó Sheán go dtí an léaslíne.  
Bíodh do fhreagra ceart go dtí an km is gaire.

(25 marc)



- (b) Tá Aillte an Mhothair, ag an bpointe  $C$ , ag domhanleithead  $53^\circ$  ó thuaidh ón meánchiorcal.

Seasann  $s_1$  ar an léaráid don chiorcal atá ag domhanleithead  $53^\circ$ .


Seasann  $s_2$  don mheánchiorcal (atá ag domhanleithead  $0^\circ$ ).

Is é  $A$  lárphointe an domhain.

Tá  $s_1$  agus  $s_2$  ar phlánaí comhthreomhara.

Faigh fad an chiorcail  $s_1$ .

Bíodh do fhreagra ceart go dtí an km isaire.



roimhe	lch	reatha
--------	-----	--------


**Freagair na trí cheist go léir as an roinn seo.**

Ceist 7


(40 marc)

Táthaítear dhá chón sholadacha, a bhfuil ga  $R$  cm agus airde  $R$  cm ag an dá cheann, le chéile ag a stuaiceanna agus cuirtear iad sa sorcóir folamh is lú is féidir iad, mar a léirítear i **bhFíor 1** thíos.

Fíor 1



## Fíor 2




- (a)** Léirigh gurb ionann toilleadh (toirt) an spáis fholaimh sa sorcóir agus toilleadh sféir fholaimh de gha  $R$  cm (**Fíor 2**).

- (b)** Sa chuid eile den cheist seo, tá  $R = 12$  cm. Doirtear uisce isteach sa sorcóir agus sa sféar araon go dtí go mbíonn sé 6 cm ar doimhneacht, mar a léirítear thíos (**Fíor 3** agus **Fíor 4** faoi seach).


- (i) Faigh  $|AB|$ , ga dhromchla ciorclach an uisce sa sféar (Fíor 4).

Bíodh do fhreagra san fhoirm  $a\sqrt{b}$  cm, áit a bhfuil  $a, b \in \mathbb{N}$ .

Fíor 3



Fíor 4




- (ii) Faigh  $|CD|$ , ga an chóin ag leibhéal an uisce, mar a léirítear i bhFíor 3.

- (iii) Fíoraigh gurb ionann achar dhromchla an uisce sa sféar agus achar dhromchla an uisce sa sorcóir.

*Tá an cheist seo ar leanúint ar an gcéad leathanach eile*

roimhe	Ich	reatha
--------	-----	--------

- (c) Fuair an matamaiteoir Cavalieri amach gurb ionann toirt an uisce sa spás atá ar fáil sa sorcóir agus toirt an uisce sa sféar, ag an doimhneacht chéanna.  
Bain úsáid as an bhfionnachtain seo chun toirt an uisce sa sféar a fháil nuair atá an t-uisce 6 cm ar doimhneacht. Bíodh do fhreagra i dtéarmaí  $\pi$ .



**Ceist 8**

**(60 marc)**

- (a) In 2015, i dtír ar leith, bhí dáileadh normalach ar mheáchan daoine a bhí 15 bliana d'aois, le meánmheáchan 63.5 kg agus diall caighdeánach 10 kg.
- (i) In 2015, bhí Mariska 15 bliana d'aois sa tír sin. Bhí 50 kg meáchain inti. Faigh an céatadán de na daoine a bhí 15 bliana d'aois sa tír sin a raibh níos mó meáchain iontu ná Mariska.



- (ii) In 2015, bhí Kamal 15 bliana d'aois sa tír sin.  
Bhí níos mó meáchain in 1·5% de na daoine a bhí 15 bliana d'aois sa tír sin ná Kamal.  
Faigh meáchan Kamal.

- (iii) In 2016, roghnaíodh go randamach 150 de na daoine a bhí 15 bliana d'aois sa tír sin agus taifeadadh a meáchan. Bhí dáileadh normalach ar a meáchan, le meánmheáchan 62 kg agus diall caighdeánach 10 kg. Déan tástáil, ag an leibhéal suntasachta 5%, ar an hipitéis nár tháinig athrú ar mheánmheáchan na ndaoine a bhí 15 bliana d'aois sa tír sin ó 2015 go dtí 2016. Breac síos an hipitéis nialasach agus an hipitéis mhalaartach atá agat féin. Bíodh do thátal i gcomhthéacs na ceiste.

Tá an cheist seo ar leanúint ar an qcéad leathanach eile

roimhe	lch	reatha
--------	-----	--------

(b) I nGaillimh, titeann báisteach ar  $\frac{1}{3}$  de laethanta scoile na bliana.

Nuair a bhíonn sé ag cur báistí is é an dóchúlacht go mbeidh trácht trom ann ná  $\frac{1}{2}$ .

Nuair nach mbíonn sé ag cur báistí is é an dóchúlacht go mbeidh trácht trom ann ná  $\frac{1}{4}$ .

Nuair a bhíonn sé ag cur báistí agus nuair a bhíonn trácht trom ann, is é an dóchúlacht go mbeifear déanach don scoil ná  $\frac{1}{2}$ .

Nuair nach mbíonn sé ag cur báistí agus nuair nach mbíonn trácht trom ann, is é an dóchúlacht go mbeifear déanach don scoil ná  $\frac{1}{8}$ .


I gcás ar bith eile, is é an dóchúlacht go mbeifear déanach don scoil ná  $\frac{1}{5}$ .

Léirítear cuid den eolas seo sa léaráid chrainn thíos.

(i) Scríobh síos an dóchúlacht a bhaineann le gach brainse den léaráid chrainn **agus** dóchúlacht gach fothoraidh, sna boscaí folmha atá ar fáil.

Bíodh gach freagra san fhoirm  $\frac{a}{b}$ , áit a bhfuil  $a$  agus  $b \in \mathbb{N}$ .

Eochair	Báisteach	=	$B$	Trácht trom	=	$T$	Déanach	=	$D$
	Gan bháisteach =	<i>gan</i>	$B$	Gan trácht trom =	<i>gan</i>	$T$	Gan a bheith déanach =	<i>gan</i>	$D$




(ii) Faigh an dóchúlacht go mbeifear déanach don scoil ar lá scoile randamach i nGaillimh.

(iii) Faigh an dóchúlacht gur chuir sé báisteach ar maidin ar lá scoile randamach i nGaillimh, ag glacadh leis go raibh tú déanach don scoil.


roimhe	Ich	reatha
--------	-----	--------

## Ceist 9

(50 marc)



Fíor 1



Fíor 2

Tá talamh Chonchúir cuimsithe ag bruach díreach abhann, mar a léirítear i bhFíor 1 thusas.

Is é  $T$  bun crainn cheartingearaigh atá ag fás in aice leis an mbruach thall den abhainn.

Is é  $|TE|$  airde an chrainn, mar a léirítear i bhFíor 2 thuas.

Ón bpointe  $C$ , atá siar go díreach ón gcrann, is é uillinn airde  $E$ , barr an chrainn, ná  $60^\circ$ .

Ón bpointe  $D$ , atá 15 m díreach ó thuaidh ó  $C$ , is é uillinn airde  $E$  ná  $30^\circ$  (féach **Fíor 2**).

Tá an talamh ar dhá thaobh na habhann réidh agus ar an leibhéal céanna.


- (a) Úsáid an triantán  $ECT$  chun  $|TE|$  a shloinneadh san fhoirm  $\sqrt{a}|CT|$  méadar, áit a bhfuil  $a \in \mathbb{N}$ .

- (b) Léirigh gur féidir  $|TE|$  a shloinneadh mar  $\sqrt{\frac{225+|CT|^2}{3}}$  méadar freisin.


- (c) Uaidh sin faigh  $|CT|$ , an fad ó bhun an chrainn go bruach na habhann ar thaobh Chonchúir. Bíodh do fhreagra ceart go dtí ionad deachúlach amháin.




- (d) Faigh  $|TE|$ , airde an chrainn. Bíodh do fhreagra ceart go dtí ionad deachúlach amháin.



- (e) Titeann an crann trasna na habhann agus buaileann sé an bruach ar thaobh Chonchúir ag an bpointe  $F$ . Faigh uasmhéid na huillinne  $FTC$ . Bíodh do fhreagra ina chéimeanna, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.




- (f) Más ionann an dóchúlacht go dtitfidh an crann i dtreo ar bith, faigh an dóchúlacht go mbuaileadh sé an bruach ar thaobh Chonchúir nuair a thitfeadh sé. Bíodh do fhreagra, ina chéatadán, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.




roimhe	lch	reatha
--------	-----	--------


Bain úsáid as an leathanach seo d'obair bhreise.



Bain úsáid as an leathanach seo d'obair bhreise.



roimhe	Ich	reatha
--------	-----	--------



An Ardeistiméireacht, 2017 – Ardleibhéal

## **Matamaitic – Páipéar 2**

Dé Luain, 12 Meitheamh

Maidin, 9:30 – 12:00